# Dréachtsonraíocht d'*Amharc-ealaín* na Sraithe Sóisearaí

# (Teideal nua beartaithe ar an ábhar Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh)

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Eanáir 2016

# Nóta léitheoireachta: Athrú ar theideal an ábhair

Is é *Amharc-ealaín* an teideal nua atá ar an ábhar ar a dtugtar *Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh* faoi láthair. Tá an téarma 'amharc-ealaín' níos cuimsithí agus léiríonn sé raon cuir chuige a d'fhéadfadh ealaíontóirí a ghlacadh chun a gcuid oibre a chur i gcrích. Léiríonn an teideal nua *Amharc-ealaín* an luaineacht sa bhealach nádúrtha a oibríonn ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí. Mar shampla, d'fhéadfaidís obair a dhearadh a chuirfear i gcrích trí cheardaíocht nó trí dhearadh a úsáid go healaíonta chun píosa obair cheardaíochta a mhaisiú nó a bhreisiú. Don ealaíontóir, d'fhéadfaí teicníochtaí agus ábhair atá coitianta i meán amháin a úsáid i meán eile chun cuma agus braistint aeistéitiúil an tsaothair a cuireadh i gcrích a bhreisiú. Tá an téarma oscailte chomh maith do mhodhanna amhairc tuisceana agus bealaí oibre nach bhfuil coitianta go fóill a aithint agus dá réir sin ligean dóibh a bheith mar chuid de na freagraí nó ina bhfreagraí iomlána ar aon dúshláin ealaíonta a bhíonn roimh scoláire agus é ag dul chun cinn trí chúrsa *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí.

Comhfhreagraíonn an teideal seo chomh maith le *Na hAmharcealaíona*, teideal churaclam na bunscoile, agus dá bhrí sin aithnítear ann leanúnachas foghlama an scoláire trí na hamharc-ealaíona san iar-bhunscoil.

Luaitear i gcáipéisí curaclaim na hAlban (na hEalaíona Mothúchánacha), na hAstráile, agus na Nua-Shéalainne an tábhacht a bhaineann leis na hEalaíona agus luaitear iontu gur féidir amharc ar dhamhsa, ar dhrámaíocht agus ar amharc-ealaín mar ghníomhaíochtaí a roinneann torthaí foghlama trí fhréamh Ealaíon coitianta. Ón bhfréamh coitianta sin, forbraíodh torthaí foghlama níos mionsonraithe, a bhaineann le gach brainse ar leith de na healaíona, *Amharc-ealaín* mar shampla.

Féachann an Baccalauréat Idirnáisiúnta ar an Amharc-ealaín agus ar na Meáin mar *na hAmharc-ealaíona*, agus ar Dhamhsa, ar Cheol agus ar Dhrámaíocht mar *na Taibh-ealaíona.* Sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann, ag leibhéal GCSE tagraítear don ábhar mar *Ealaín agus Dearadh*. Ach áirítear sa teideal uileghabhálach sin chomh maith *Réimsí Staidéir* breise cosúil le hEalaín Fheidhmeach, Mínealaín, Cumarsáid Ghrafach, Dearadh Teicstílí, Dearadh 3T agus Grianghrafadóireachta (lionsa-bhunaithe).

# An Clár


Nóta léitheoireachta: Athrú ar theideal an ábhair 3

Intreoir don tsraith shóisearach 5

Réasúnaíocht 6

Aidhm 7

Forbhreathnú: Naisc 8

Forbhreathnú: Cúrsa 13

Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach 17

Ionchais maidir le scoláirí 19

Torthaí foghlama 19

Snáithe 1: Ealaín 20

Snáithe 2: Ceardaíocht 22

Snáithe 3: Dearadh 23

Measúnú agus tuairisciú 24

Measúnú do PGSS 26

Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe in *Amharc-ealaín* 26

Measúnú Rangbhunaithe 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích 30

Cásanna samplacha 31

Treoirlínte don chás a roghnaíodh 31

Measúnú Rangbhunaithe 2: Déan machnamh agus Cuir in iúl 33

Cásanna samplacha 34

Treoirlínte don chás a roghnaíodh 34

Déantúsáin le meas ag CSS 35

Aguisín 1: Bloc *Amharc-ealaíne* 37

Aguisín 2: Gluais téarmaí don *Amharc-ealaín* 40

Aguisín 3: Gluais de Bhriathra Gnímh 43

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo: cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora; agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. Tógtar i gclár na sraithe sóisearaí ar a bhfuil foghlamtha ag an scoláire cheana agus tugtar tacaíocht dá chur chun cinn; agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Is é is oideachas *Amharc-ealaíne* ann an próiseas teagaisc agus foghlama trí ealaín, trí cheardaíocht agus trí dhearadh. I gcomhair ógánach agus daoine óga, is é atá i ceist anseo go gcuireann siad aithne ar ghnéithe den ealaín agus de phrionsabail an deartha agus go gcuireann siad i bhfeidhm iad, chomh maith leis an eolas agus leis na scileanna a bhaineann leis na próisis seo, lena stair agus lena gcleachtais chomhaimseartha. Aithnítear agus cúitítear in *Amharc-ealaín* chomh maith cineálacha difriúla intleachta, lena n-áirítear intleacht mhothúchánach; forbraítear cáilíochtaí pearsanta cuir in iúl agus comhbhá.

Cuimsíonn *Amharc-ealaín* ealaín, ceardaíocht agus dearadh agus baineann sí le hobair phraiticiúil ag a bhfuil toradh ar leith (m.sh. saothar ealaíne, dearadh, ailtireacht, imeacht). Trí ealaín a dhéanamh forbraítear samhlaíocht an fhoghlaimeora (ach smaoineamh nó coincheap a fhorbairt) agus ceadaíonn sé dó glacadh le freagracht phearsanta as tascanna ar leith.

Tá *Amharc-ealaín* athbhríoch – ní bhíonn aon 'fhreagra ceart' amháin in amharc-ealaín: cuireann *Amharc-ealaín* smaointeoireacht iltreóch ('smaoineamh as an nua') chun cinn agus forbraíonn sí cumas an fhoghlaimeora chun saothar a léirmhíniú, breithiúnas a dhéanamh air agus a thuairim a thabhairt air. Cuireann sí meas ar obair agus ar thuairim daoine eile chun cinn chomh maith.

Baineann *Amharc-ealaín* le sástacht phearsanta an fhoghlaimeora i láthair na huaire – chun saothar a sholáthar óna bhfaightear pléisiúr agus luach saothair pearsanta sa ghearrthéarma, mar aon le réiteach le haghaidh spriocanna fadtéarmacha.

Tá na cáilíochtaí a chuireann amharc-ealaín ar fáil ina gcomhpháirteanna ríthábhachtacha den oideachas ginearálta ildánach ba chóir go bhfaigheadh gach duine óg. Áirítear leis na saintréithe agus leis na buanna pearsanta seo cruthaitheacht, breithniú criticiúil, oibriú le daoine eile nó as féin, léirmheastóireacht chuiditheach a chur ar fáil agus a fháil, agus meas a léiriú ar éagsúlachtaí.

Tugann *Amharc-ealaín* spás don fhoghlaimeoir ina bhfuil sé sábháilte triail a bhaint as rud nua, teipeadh agus foghlaim. Ceadaíonn sí don fhoghlaimeoir comhoibriú ar smaointe agus ar shaothar. Éascaíonn agus spreagann sí ceisteanna a bhféadfadh foghlaimeoir tarraingt anuas agus é ag taisteal ar shlí nach dtagann an toradh a rabhthas ag súil leis as nó a dtiocfadh toradh seachas mar a bhí beartaithe as. Tugann sí an cumas dó smaointe, mothúcháin agus tuairimí a thuiscint agus a chur in iúl, a chuid féin agus cuid daoine eile.

Tá an cultúr comhaimseartha an-fhísiúil. Riachtanas ríthábhachtach den tsaoránacht ghníomhach is ea litearthacht amhairc. Breisíonn sé cumas an duine óig le teachtaireachtaí amhairc a léirmhíniú agus a dhíchódú agus critíc a dhéanamh orthu. Cothaíonn an cumas le smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh sa rang ealaíne inniúlacht agus muinín an duine óig i bhfreagairt do chultúr amhairc an domhain chomhaimseartha agus do thimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha agus i ndul i ngleic leo. Osclaíonn sé a intinn chomh maith le traidisiúin agus le luachanna cultúr agus tionchar eile.

In *Amharc-ealaín*, cuireann an scoláire leis an dul chun cinn agus leis na scileanna atá bainte amach aige cheana sa bhunscoil d'fhonn cuidiú leis feabhsú a thuilleadh. Forbróidh scoláire *Amharc-ealaíne* na scileanna trasnaí ar nós cruthaitheachta, comhoibriú, measúnú riosca, sainaithint fadhbanna, réiteach fadhbanna agus bainistíocht ar a mhothúcháin féin a bheidh ina mheicníocht foghlama nádúrtha ar féidir léi a fhorbairt féin a bhreisiú. Foghlaimíonn an scoláire chun an leas is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí traidisiúnta agus comhaimseartha chun críocha cruthaitheacha agus oibríochtúla. Tá na scileanna agus na dearcthaí seo ar fad lárnach don fhoghlaim sa todhchaí sa tsraith shinsearach agus ag an tríú leibhéal agus i saol na hoibre freisin.

# Aidhm

Tá sé mar aidhm ag *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí sraith meon agus cáilíochtaí pearsanta a thabhairt don scoláire mar aon le sraith scileanna agus próisis amharc-ealaíne.

Trí rannpháirtíocht phraiticiúil san ealaín, sa cheardaíocht agus sa dearadh, forbróidh an scoláire féinmhuinín, fiosracht, samhlaíocht agus cruthaitheacht. Forbróidh sé chomh maith cumais bharántúla an tsaoil seo i réiteach fadhbanna agus an cumas le hoibriú, thar am, mar dhuine aonair agus i ngrúpaí, ar dhearadh agus ar chur i gcrích tascanna ealaíonta agus aeistéitiúla.

Sa spás sábháilte sa rang ealaíne, gheobhaidh an scoláire taithí ar na próisis bharántúla a bhaineann le hamharc-ealaín a shamhlú, a iniúchadh, a thriail, a dhéanamh, a thaispeáint agus a mheasúnú. Foghlaimeoidh sé le teipeadh agus foghlaimeoidh sé gur taithí foghlama an-dearfach a bhíonn sa teipeadh go minic. Forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun saothar ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh barántúil a tháirgeadh agus chun dul i ngleic leis. Trína dhéanamh sin, tosóidh sé ag forbairt na litearthachta amhairc, na scileanna criticiúla agus na teanga atá riachtanach le dul i ngleic leis an gcultúr comhaimseartha. Cuirfidh sé seo le tuiscint an scoláire ar róil shaibhre agus éagsúla na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh i sochaithe agus i gcultúir idir stairiúil agus comhaimseartha.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn na táblaí ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil an tsraith shóisearach nasctha le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc mar a thugtar breac-chuntas orthu sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015).

Tábla 1: Naisc idir *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

| **Na ráitis foghlama** | |
|---|---|
| **An ráiteas** | **Samplaí d'fhoghlaim ábhartha** |
| RF 3. Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil[1]. | Taispeánfaidh an scoláire a eolas agus a thuiscint ar an gcultúr amhairc chun a ról i bhforbairt a saothair ealaíne, ceardaíochta nó dearaidh féin nó saothar daoine eile a chruthú agus critíc a dhéanamh air. |
| RF 4. Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist. | Cruthóidh an scoláire píosaí ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh críochnaithe a ghabhfaidh agus a chuirfidh i láthair na próisis agus na cinntí a rinne sé trí leabhair sceitseála, trí dhialanna amhairc nó trí phunanna. |
| RF 8. Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Taispeánfaidh an scoláire trína smaointe cruthaitheacha agus trína shaothar cruthaitheach féin, gur féidir a amharc-ealaín a úsáid chun riachtanais, dóchais agus idéalacha a phobail níos leithne nó na sochaí ina hiomláine a léiriú. |
| RF 20. Úsáideann an scoláire teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha. | Déanfaidh an scoláire cinneadh faoin úsáid a bhainfidh sé as na teicneolaíochtaí traidisiúnta nó nua-aimseartha nó as na meáin nua ina shaothar bunaithe ar a thaithí foghlama agus beidh sé in |

[1] áirítear leis an sainmhíniú ar théacsanna gach táirge amharc-ealaíne mar aon le teanga ó bhéal, téacsanna scríofa, ceol, tadhlach, leictreonach agus digiteach.

| | |
|---|---|
| | ann an úsáid sin a chosaint. |
| RF 21. Cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sé/sí múnlaí agus táirgí ag baint úsáide as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla. | Taispeánfaidh an scoláire gabháil agus forbairt a shraith scileanna ealaíonta pearsanta féin trína líníochtaí, trína phróisis agus trína shaothair chríochnaithe ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh. |
| RF 23. Tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú. | Taispeánfaidh an scoláire gur féidir leis próisis agus modheolaíochtaí difriúla a thuiscint agus a cur i bhfeidhm agus saothair ealaíne, píosaí ceardaíochta agus réitigh dearaidh chríochnaithe á gcruthú. |

**Príomhscileanna**

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 1 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

Fíor 1 Ocht bpríomhscil na sraithe sóisearaí agus a gcuid gnéithe




Sainítear ar Thábla 2 roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama in *Amharc-ealaín*. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2 Samplaí de naisc idir *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí agus na príomhscileanna

| An phríomhscil | Sampla de ghné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Roghanna a fhiosrú | Faigheann an scoláire taithí ar phróisis amharc-ealaíne ar nós breathnú, samhlú, déanamh agus iniúchadh, agus baineann sé triail astu, trí raon leathan meán lena n-áirítear modhanna digiteacha. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Taispeánfaidh an scoláire, trí chomhráite, trí phléití agus trí chuir i láthair faoina shaothar féin nó faoi shaothar daoine eile go dtuigeann agus go léirmhíníonn sé na próisis forbartha lena mbaineann. |
| A bheith uimheartha | Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna | Forbraíonn an scoláire a smaointe agus a shaothar trí úsáid a bhaint as a eolas agus as a scileanna (m.sh. tomhas, meastacháin, cothromú agus meá i saothar trí thoiseach) agus as a thaithí phearsanta. |
| Cumarsáid | Taibhiú agus cur i láthair | Cuireann an scoláire i láthair réimse fiosruithe óna shaothar a dhéanann an cur síos is fearr agus a thacaíonn lena smaointe agus lena shaothar críochnaithe ar réimse bealaí, m.sh. taispeántas, r-Phunann, Bloc Amharc-ealaíne. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil | Trí líníocht bhreathnaitheach, foghlaimíonn an scoláire chun na rudaí a fheiceann sé a thaifeadadh agus a anailísiú, mar chríoch ann féin nó le húsáid níos déanaí, i bhforbairt saothair. |

| | | |
|---|---|---|
| Mé féin a bhainistiú | A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin | Trína shaothar féin a fhorbairt, déanann an scoláire machnamh ar a roghanna agus ar a chinntí ealaíonta tráth a chruthaítear an saothar agus ag deireadh an phróisis féin. |
| Fanacht folláin | A bheith slán | Féadfaidh an scoláire, sa spás sábháilte sa rang ealaíne, inneachar, uirlisí agus ábhar cuí a mhíniú agus a thuiscint ar bhealach eiticiúil agus freagrach. |
| Obair le daoine eile | Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan | Ag oibriú go comhoibríoch i gcomhthéacs cultúrtha agus le baill an phobail i gcoitinne, úsáideann an scoláire a scileanna ealaíonta chun na spásanna ina gcónaíonn sé a fheabhsú do gach duine. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn sonraíocht *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí ar rannpháirtíocht phraiticiúil agus chognaíoch an scoláire san ealaín, áit a mbeidh ar a chumas a scileanna a fheabhsú de réir a chéile mar ealaíontóir/cheardaí/dhearthóir i spás atá sábháilte dó chun smaointe a fhiosrú go cruthaitheach agus go samhlaíoch. Is féidir é seo a bhaint amach trí shnáithe idirnasctha na ndisciplíní ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh. Déanfaidh an scoláire foghlaim i ngach ceann de na trí shnáithe seo de réir mar a théann sé ar aghaidh trína shraith shóisearach.

Fíor 2 Snáitheanna *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí

| *Amharc-ealaín* | | |
|---|---|---|
| Ealaín | Ceardaíocht | Dearadh |

Is é is **ealaín**, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc cosúil le péinteáil nó dealbhóireacht. Leagtar béim ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar cháilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Seachas saothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn mínealaín chomh maith critic agus staidéar na healaíne.

Is é is **ceardaíocht** ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil agus/nó feidhme leo a tháirgeadh. Le béim ar úsáid shábháilte agus cheart uirlisí agus ábhar, d’fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar **dhearadh** mar chruthú díreach réada nó táirgeadh líníochtaí chun a chuma agus a oibríochtaí a thaispeáint sula ndéantar é. Úsáidtear íomhánna agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl le béim ar phleanáil, ar réiteach fadhbanna agus ar chur i gcrích, le líníocht mar bhealach chun smaoinimh.


Cé go leagtar amach na torthaí foghlama a bhaineann le gach snáithe astu féin sa tsonraíocht seo, níor chóir go dtuigfí as sin go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna ina n-aonar. Is cuid de rannpháirtíocht agus d’fhoghlaim an scoláire í a thaithí ar ealaín, ar cheardaíocht agus ar dhearadh agus iad comhtháite go hiomlán ina chéile. Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith

chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí gach snáithe i ngrúpaí ach tagairt a dhéanamh do chúig ghné:

- Teanga chriticiúil agus amhairc
- Líníocht
- Cultúr agus léirthuiscint amhairc
- Na gnéithe ealaíne agus na prionsabail deartha
- An teicneolaíocht (idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha) agus na meáin nua

Díríonn gach gné ar spriocanna an phróisis foghlama, is é sin, ar shealbhú eolais, scileanna agus luachanna nua. De réir mar a théann an scoláire chun cinn trí na snáitheanna uile, tiocfaidh forbairt chórasach ar a chuid eolas bunúsach, ar a phrionsabail agus ar a luachanna, lena n-áirítear na príomhscileanna trí gach ceann de na gnéithe seo.

Fíor 3 Saintréith chomhtháite na snáitheanna agus na ngnéithe



Gné thábhachtach is ea an **teanga chriticiúil agus amhairc** sna trí shnáithe. Úsáideann an scoláire í chun saothar ealaíne a phlé, a thuiscint agus a mheas, cibé ar leis féin nó le scoláire eile é. Ceadaíonn sé don scoláire íomhánna a fhiosrú ar bhealach níos iomláine agus níos machnamhaí. Féadfaidh an scoláire teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a smaointe a chur in iúl don mhúinteoir, do scoláirí eile nó don phobal i gcoitinne. Mar gheall ar chumas an scoláire lena húsáid, bíonn leibhéal níos airde inniúlachta agus muiníne aige nuair a fhreagraíonn sé do chultúr amhairc an domhan chomhaimseartha agus do thimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha agus nuair a théann sé i ngleic leo.

Is í an **Líníocht** an teanga bhunúsach atá lárnach i ngach gníomhaíocht a dhéanann an scoláire sna trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Tá sé ríthábhachtach i gcomhair fiosrúcháin, cur in iúl agus chun faisnéis amhairc a chur in iúl. Tá sé tábhachtach go mbeadh taithí ag an scoláire ar tharraingt ó bhreathnú, lena n-áirítear bunfhoinsí agus líníocht ón mbeo agus líníocht thrialach agus shamhlaíoch, mar aon le smaointe a fhorbairt trí mhodhanna 2T, 3T nó digiteacha. Foirm ealaíne ann féin is ea an líníocht. Caithfidh an scoláire a scileanna líníochta a úsáid agus a fhorbairt thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Aithnítear i g**Cultúr agus léirthuiscint amhairc** gur áit níos físiúla atá sa domhan nua-aimseartha anois, a chuimsíonn réimse leathan spreagthaí amhairc cosúil le hailtireacht agus dearadh uirbeach, fógraíocht, ilmheáin dhigiteacha, an t-idirlíon, mínealaín, dealbhóireacht, grianghrafadóireacht, faisean agus neart eile nach iad. Caithfidh an scoláire tuiscint a fháil ar a chultúr féin agus ar chultúr daoine eile chomh maith. Caithfear an t-eolas agus an tuiscint sin a chur in iúl trí ghnáth-theanga an scoláire a úsáid mar aon leis an teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann leis na trí snáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh.

Is iad **Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha** na bloic thógála ar a dtógtar aon saothar ealaíne a chruthóidh an scoláire. Is féidir a gcur i bhfeidhm i saothar 2T, 3T nó digiteach a anailísiú trína n-úsáid a mheas go cnuasaitheach nó astu féin. Áirítear leis na gnéithe ealaíne, an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún. Áirítear leis na prionsabail deartha cothromaíocht, teannas, siméadracht, armóin, solas, spás, scála agus codarsnacht.

Is gné thábhachtach iad **an teicneolaíocht (idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha) agus na meáin nua** a thrasnaíonn na trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Féadfaidh an teicneolaíocht a úsáideann an scoláire san obair a dtugann sé faoi a bheith comhaimseartha, digiteach nó is féidir í a bhaint amach trí uirlisí níos traidisiúnta a úsáid. Féadfar eolas ar theicneolaíochtaí nó ar phróisis a chuimsiú ann chomh maith. Bíonn na meáin nua digiteach mórán i gcónaí agus trína gcumas a bheith idirghníomhach, féadfar ceangailtí agus cumarsáid le lucht féachana níos leithne a chruthú. Áirítear le samplaí de na meáin nua suíomhanna gréasáin, ilmheáin ríomhaire, cluichí físe, réaltacht bhreisithe nó fhíorúil.

Dearadh sonraíocht na h*Amharc-ealaíne* le cuidiú leis an múinteoir taithí foghlama a phleanáil don scoláire agus le cur ar chumas an scoláire eolas, scileanna, tuiscint agus luachanna aeistéitiúla a fhorbairt mar aon le húinéireacht a ghlacadh ar a fhoghlaim. Baineann próiseas na hamharc-ealaíne leis an scoláire ar fad agus ionchorpraíonn sé a léargas agus a fhás pearsanta. De réir mar a fhaigheann an scoláire taithí trína fhoghlaim agus trí shaothar a chruthú i dtrí shnáithe ar leith na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh, beidh a scileanna ealaíonta agus aeistéitiúla á bhforbairt aige.

Trí thaithí foghlama, a phleanálann an múinteoir, forbróidh an scoláire ní amháin i snáithe na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh, ach beidh taithí aige ar na deiseanna foghlama a dearadh chun na snáitheanna sin a atreisiú trí cheangailtí idirnasctha na gcúig ghné trasghearrtha. Foghlaimeoidh an scoláire chun teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a fhoghlaim a phlé agus leathnóidh sé a thuiscint ar shnáithe na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh.

Modh bunúsach cumarsáide agus cuir in iúl is ea an líníocht trí mheáin dhéthoiseacha nó tríthoiseacha nó trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid a fhoghlaimeoidh an scoláire le húsáid ina shaothar i ngach snáithe. Cónaíonn an scoláire i ndomhan atá físiúil. Léitear leideanna neamh-théacsbhunaithe agus íomhánna go físiúil ag ráta i bhfad níos tapúla ná teachtaireachtaí téacsbhunaithe. Uaireanta, leis an méid íomhánna atá mórthimpeall air, ní mór don scoláire an cultúr amhairc taobh thiar dó mar aon le cultúr amhairc sochaithe eile a thuiscint agus a léirthuiscint.

Baineann cuid de thaithí foghlama an scoláire in *Amharc-ealaín* thar thrí bliana na sraithe sóisearaí le tuiscint a fhás ar chúrsaí aeistéitice agus ar úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabal deartha ina shaothar féin mar aon le bheith in ann iad sin a anailísiú i saothar daoine eile. De réir mar a fhorbraíonn an scoláire a scil trí leas a bhaint as próisis agus as meáin dhifriúla agus ina chur chuige i leith saothar curtha i gcrích a chruthú i dtrí shnáithe na h*Amharc-ealaíne*, foghlaimeoidh sé chomh

maith le teicneolaíochtaí oiriúnacha a úsáid, cibé an bhfuil siad comhaimseartha nó traidisiúnta. Trína fheiceáil nach seasann an domhan gan bogadh, beidh ar chumas an scoláire chomh maith a fheiceáil nach seasann na modhanna a úsáideann ealaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí lena cheistiú agus le freagairt dó. Beidh ar chumas an scoláire chomh maith taithí a fháil ar na trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh, trí na meáin nua a úsáid.

# Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

Tugann curaclam na *nAmharcealaíon* sa bhunscoil taithí don scoláire trí dhá shnáithe chomhlántacha, is iad sin *ealaín a dhéanamh* agus *breathnú ar ealaín agus freagairt di*.

Nuair a bhogann sé isteach sa tsraith shóisearach, forbrófar an cur chuige déthaobhach sin i leith na foghlama a thuilleadh. Beidh an scoláire sa tsraith shóisearach ag iarraidh freagairt dá dhomhan agus cruth a chur air agus féadfaidh taithí amharc-ealaíne ligean dó seo tarlú i dtimpeallacht shábháilte. Gheobhaidh an scoláire eolas agus tuiscint trí shaothair ealaíne a cruthú agus a thuiscint. Feabhsóidh an scoláire a scileanna chomh maith agus foghlaimeoidh sé scileanna nua trí shaothar a dhéanamh thar na trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh.

an scoláire a thuiscint ar an gcultúr amhairc trí úsáid a bhaint as teanga amhairc a bhaineann go sonrach le hábhar na h*Amharc-ealaíne*. Trí fhoghlaim lena bhreith chriticiúil féin a úsáid, beidh sé de chumhacht aige cinntí a dhéanamh lena fhoghlaim féin a léireofar go leanúnach ina líníochtaí, ina thaighde, ina staidéar agus ina shaothar a chuirfear i gcrích. Scil is ea breith chriticiúil a mbeidh an scoláire in ann úsáid a bhaint aisti thar an réimse ábhar agus gearrchúrsaí a dtugann sé fúthu i rith na dtrí bliana den tsraith shóisearach.

Teanga is ea an líníocht agus tá sé sin bunúsach do thrí shnáithe na h*Amharc-ealaíne*. Trína obair san ealaín, sa cheardaíocht agus sa dearadh, gheobhaidh an scoláire tuiscint ar an líníocht a úsáid chun fiosrúchán, anailís, pleanáil, cur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh. Beidh sé an-tábhachtach don scoláire cleachtadh a dhéanamh ar líníocht ó bhreathnú, lena n-áirítear líníocht ón mbeo agus óna shamhlaíocht. Modheolaíocht agus scil atá sa líníocht agus sa sceitseáil smaointe freisin a mbeidh an scoláire in ann leas a bhaint as in ábhair eile. Mar shampla, dearadh turgnaimh san Eolaíocht a

phleanáil, léirithe grafacha a chruthú d'fhaisnéis mhatamaitice agus léaráidí dá ghearrscéalta nó dá chuid filíochta féin i mBéarla.

Nascann an t-eolas agus na scileanna ar fad atá á bhfoghlaim ag an scoláire i rith na sraithe sóisearaí go láidir leis an siollabas don ealaín sa tsraith shinsearach. Ceadóidh an doimhneacht agus an leithead foghlama atá ar fáil in *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí don scoláire a shraith scileanna a mhéadú ní amháin san ealaín, sa cheardaíocht agus sa dearadh ach ina thuiscint ar stair na healaíne agus ina chur chuige ina leith freisin. Scil an-úsáideach don scoláire agus é ag dul isteach sa tsraith shinsearach is ea tuiscint chriticiúil a fháil ar shaothair ealaíne, lena n-áirítear an comhthéacs timpeall orthu agus bheith in ann é sin a chur in iúl trí theanga chriticiúil agus amhairc.

Léirítear scileanna in *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí ar nós comhoibriú, cruthaitheachta, nuálaíochta agus cumarsáide i bhfoghlaim an scoláire i nGairmchlár na hArdteistiméireachta. I modúl *Amharc-ealaín* na hArdteistiméireachta Feidhmí cuirtear ar chumas an scoláire freagairt go pearsanta do shaincheisteanna atá bríoch dó. Mar aon le h*Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí, tugann scoláire na hArdteistiméireachta Feidhmí faoi staidéar ar a thimpeallachtaí tógtha agus nádúrtha áitiúla, áit ar féidir leis a scileanna a chur i bhfeidhm ar bhealach atá bríoch go pearsanta. Úsáideann an scoláire scileanna sa dá mhodúl seo a fhorbróidh sé sa tsraith shóisearach, eadhon taighde, smaointe a fhorbairt, déanamh, tagairtí comhthéacsúla agus machnamh agus measúnú.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair

- atá thar barr ar fad
- atá os cionn na n-ionchas
- atá ag teacht leis na hionchais
- nár chomhlíon na hionchais go fóill.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna. Cuirfear samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a d'anótáil múinteoirí leis an tsonraíocht.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. Cuirtear *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí ar fáil ag leibhéal comónta. Tabharfaidh na samplaí de shaothar scoláirí atá nasctha leis na torthaí foghlama idir thráchtanna agus léargais a thacaíonn le difreáil. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. **Is le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus mar sin de, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim amharc-ealaíne an scoláire go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.**

Chun cabhrú le múinteoirí, le tuismitheoirí agus le scoláirí na torthaí foghlama a fhiosrú, tá gluais de na briathra gnímh a úsáidtear sa tsonraíocht le fáil in Aguisín 3. Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé

d’ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin, ná níltear ag moladh iontu ord inar chóir na torthaí foghlama a fhorbairt sa seomra ranga.

## Snáithe 1: Ealaín

| Is é is **ealaín**, nó mínealaín ann, scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc cosúil le péinteáil nó dealbhóireacht. Leagtar béim ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar cháilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Seachas saothair ealaíne a chruthú, cuimsíonn mínealaín chomh maith critic agus staidéar na healaíne. | | |
|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | |
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | E1 | anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí |
| | E2 | freagairt do shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc |
| | E3 | critíc a dhéanamh ar shaothar ealaíne le teanga chriticiúil agus amhairc |
| **Líníocht** | E4 | an chaoi a úsáideann sé líníocht chun a dhomhan a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú a thaispeáint |
| | E5 | léirmhíniú agus cur in iúl trí mhodh amhairc |
| | E6 | líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | E7 | modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú |
| | E8 | samplaí den amharc-ealaín stairiúil agus chomhaimseartha a phlé |
| | E9 | díospóireacht a dhéanamh maidir leis an luach a chuireann sé féin agus an tsochaí ar shaothar ealaíne |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | E10 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i saothar ealaíne a shainaithint |
| | E11 | úsáid na ngnéithe ealaíne agus na bprionsabal deartha ina shaothar ealaíne féin a mheas |
| | E12 | a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne 2T, 3T nó digiteach a dhéanamh |
| **An teicneolaíocht (idir thraidisiúnta agus** | E13 | teicneolaíochtaí (traidisiúnta nó comhaimseartha) nó na meáin nua, a úsáidtear chun saothar ealaíne a chruthú, a shainaithint |
| | E14 | teicneolaíochtaí 2T, 3T, traidisiúnta nó comhaimseartha nó na meáin |

| | | |
|---|---|---|
| **chomhaimseartha)** | | nua a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú |
| **agus na meáin nua** | E15 | an rogha de theicneolaíochtaí comhaimseartha nó traidisiúnta nó de na meáin nua a léirmhíniú ina shaothar féin nó i saothar daoine eile |

# Snáithe 2: Ceardaíocht

| Is é is **ceardaíocht** ann, cur i bhfeidhm réimse eolais agus scileanna ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil agus/nó feidhme leo a tháirgeadh. Agus béim á cur ar úsáid shábháilte agus cheart uirlisí agus ábhar, d'fhéadfadh na déantúsáin a chruthaítear an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí ón gceardaí a léiriú. | | |
|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | |
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | C1 | teanga chriticiúil agus amhairc a bhaineann le cineál ceardaíochta amháin nó níos mó a shainaithint agus a úsáid |
| | C2 | smaointe a dhiancheistiú agus a chur in iúl trí cheardaíocht dhifriúil le teanga chriticiúil agus amhairc |
| | C3 | machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc |
| **Líníocht** | C4 | a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú |
| | C5 | a smaointe i gcomhair obair cheardaíochta a fhorbairt trí líníocht |
| | C6 | iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta trí chur i bhfeidhm teicniúil agus cruthaitheach de líníocht agus déanamh mairc |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | C7 | na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceardaíocht dhifriúil a shainaithint |
| | C8 | scéal, siombailí agus feidhmeanna a úsáidtear in obair cheardaíochta óna cultúr féin agus ó chultúir eile ar fud an domhain a léirmhíniú |
| | C9 | measúnú a dhéanamh ar thagairtí an chultúir amhairc a chuimsítear in obair cheardaíochta |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | C10 | cur síos a dhéanamh ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceardaíocht dhifriúil |
| | C11 | taighde a dhéanamh ar úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha in obair cheardaíochta stairiúil agus chomhaimseartha óna chultúr féin agus ó chultúir eile |
| | C12 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint |
| **An teicneolaíocht** | C13 | ról na dteicneolaíochtaí comhaimseartha agus traidisiúnta nó na meán |

| | | |
|---|---|---|
| **(idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha) agus na meáin nua** | | nua i bhforbairt obair cheardaíochta a shainaithint |
| | C14 | teicneolaíochtaí comhaimseartha nó traidisiúnta nó na meáin nua a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú |
| | C15 | an rogha de theicneolaíochtaí (traidisiúnta nó comhaimseartha) nó de na meáin nua ina obair cheardaíochta féin nó in obair cheardaíochta daoine eile a chosaint |

## Snáithe 3: Dearadh

| | | |
|---|---|---|
| Is féidir cur síos a dhéanamh ar **dhearadh** mar chruthú díreach réada nó táirgeadh líníochtaí chun a chuma agus a oibríochtaí a thaispeáint sula ndéantar é. Úsáidtear íomhánna agus gnéithe amhairc foirmiúla chun teachtaireachtaí agus smaointe a chur in iúl le béim ar phleanáil, ar réiteach fadhbanna agus ar chur i gcrích, le líníocht mar bhealach chun smaoinimh. | | |
| **Gnéithe** | **Torthaí foghlama**<br>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire | |
| **Teanga chriticiúil agus amhairc** | D1 | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid le cur síos a dhéanamh ar shaothar dearaidh 2T, 3T nó digiteach |
| | D2 | teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú |
| | D3 | teanga chriticiúil agus amhairc chuí a úsáid le freagairt do shaothar dearaidh 2T, 3T nó digiteach agus critíc a dhéanamh orthu |
| **Líníocht** | D4 | coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí |
| | D5 | triail a bhaint as rud le smaointe dearaidh trí thaighde agus trí líníocht anailíseach |
| | D6 | saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí |
| **Cultúr agus léirthuiscint amhairc** | D7 | cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha |
| | D8 | cleachtais dearaidh stairiúil agus chomhaimseartha a phlé |
| | D9 | na coincheapa dearaidh a rinne dearthóirí stairiúla agus comhaimseartha a chosaint |
| **Gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha** | D10 | úsáid gnéithe ealaíne agus prionsabail deartha i samplaí de shaothar dearaidh 2T, 3T agus digiteach a mhíniú |
| | D11 | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid |
| | D12 | a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a mheasúnú |

| | | |
|---|---|---|
| | | trína eolas ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail deartha a úsáid |
| **An teicneolaíocht (idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha) agus na meáin nua** | D13 | úsáid teicneolaíochtaí (traidisiúnta agus comhaimseartha) agus na meán nua i samplaí de shaothar dearaidh 2T, 3T agus digiteach a mhíniú |
| | D14 | teicneolaíochtaí comhaimseartha nó traidisiúnta nó na meáin nua a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar choimre dearaidh |
| | D15 | coincheapa dearaidh agus úsáid teicneolaíochtaí comhaimseartha nó traidisiúnta nó na meán nua ina shaothar féin nó i saothar daoine eile a chosaint |

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú in *Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith in rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na

foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais measúnaithe.

Áireofar san Fhoireann Uirlisí an réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuirfidh ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

# Measúnú do PGSS

Ábhar praiticiúil is ea amharc-ealaín. Cuimseoidh an measúnú ar *Amharc-ealaín* le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe – *Ó Phróiseas go Cur i gcrích* agus *Déan machnamh agus Cuir in iúl.* Marcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an obair forbartha agus an obair a chuirtear i gcrích a chuimseoidh an dara Measúnú Rangbhunaithe. Níl aon scrúdú deiridh san ábhar praiticiúil seo.

## Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe in *Amharc-ealaín*

Dhá mharcóir shoiléire atá sna Measúnuithe Rangbhunaithe d'*Amharc-ealaín* na Sraithe Sóisearaí i dturas foghlama an scoláire, agus iad ina gcuid lárnach freisin de mheasúnú leanúnach agus de ghnáthchleachtas seomra ranga. Tacóidh siad leis an scoláire trí dheis a thabhairt dó oibriú go barántúil mar ealaíontóir, mar cheardaí nó mar dhearthóir agus ceadú dó díriú ar a fhoghlaim agus ar a fhorbairt eolais, scileanna, tuisceana agus luachanna in *Amharc-ealaín*. Féadfaidh an scoláire a shaothar a chur i láthair mar dhuine aonair nó mar chuid de ghrúpa dá mhúinteoir agus dá phiaraí agus do lucht féachana níos leithne b'fhéidir. Spreagfar an scoláire lena chur chuige pearsanta féin i leith na hoibre seo a fhorbairt agus le húinéireacht a ghlacadh ar a fhoghlaim mar aon leis na próisis a chuir sé i bhfeidhm agus a shaothar a chuir sé i gcrích.

Tá an chaoi a chuaigh an scoláire i ngleic lena shaothar tábhachtach in *Amharc-ealaín* agus beidh tionchar aige sin ar fhoirmliú a smaointe tosaigh agus oibriú amach na smaointe sin ina dhiaidh sin ina rogha teicníochtaí agus meán agus ar ndóigh beidh tionchar aige sin ar an bpíosa/na píosaí a chuirtear i gcrích.

Tá an chaoi a gcuireann an scoláire a lucht féachana san áireamh tábhachtach chomh maith in *Amharc-ealaín*. Cibé an bhfuil a shaothar pearsanta ina fhreagra nó gur cruthaíodh é chun ráiteas a dhéanamh, ní mór don scoláire cumarsáid a dhéanamh tríd le lucht féachana. Ní gá níos mó gurb iad a phiaraí nó a mhúinteoirí amháin a bheadh sa lucht féachana. D'fhéadfadh grúpa níos leithne daoine a bheith ann má roghnaíonn sé a bheith páirteach in obair lena phobal nó má chumasaítear an obair trí theicneolaíochtaí digiteacha nó trí na meáin nua a úsáid.

Aithnítear sa tsonraíocht seo go bhfuil glór an scoláire an-tábhachtach in aon mhíniú ar a shaothar. Cé gur féidir leis an nglór seo teacht amach trí na saothair iad féin, caithfidh gur glór machnamhach atá ann. De réir mar a théann an scoláire ar aghaidh ceisteoidh sé go nádúrtha a roghanna agus a chinntí. Caithfear fáilte a chur roimh an machnamh sin mar go dtugann sé imní faoin saothar féin le

fios mar aon lena fhorbairt ealaíonta phearsanta féin. Tabharfar deis don scoláire chomh maith féinmheasúnú a dhéanamh ag deireadh gach Measúnaithe Rangbhunaithe.

Cothófar agus taifeadfar cuid mhór den obair a chruthóidh an scoláire don dá Mheasúnú Rangbhunaithe i mbloc amharc-ealaíne, a dtugtar breac-chuntas air agus a mhínítear go hiomlán in Aguisín 1. Bailiúchán fisiciúil agus/nó digiteach de smaointe, de phróisis agus d'obair, nó meascán díobh, atá sa bhloc amharc-ealaíne. Tá bloc amharc-ealaíne an scoláire an-tábhachtach maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe. Tarlaíonn go leor den obair chun píosa ealaíne, ceardaíochta nó dearaidh a chur i gcrích sna céimeanna tosaigh, forbartha agus trialach. Úsáidtear an bloc amharc-ealaíne chun na céimeanna sin ar fad a ghabháil, lena n-áirítear na smaointe tosaigh, sceitsí, líníochtaí, staidéar datha agus meán, grianghraif, obair dhigiteach agus taighde ar chultúr amhairc agus ar obair ealaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí eile freisin.

**Tábla 3: Measúnuithe Rangbhunaithe in *Amharc-ealaín***

| Bliain | Measúnú Rangbhunaithe | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | An measúnú a chur i gcrích | Cruinniú AFMÁ |
|---|---|---|---|---|---|
| An Dara Bliain | Measúnú Rangbhunaithe 1 Ó Phróiseas go Cur i gcrích | Bloc Amharc-ealaíne + saothar amháin críochnaithe | Roghnaíonn an scoláire cás amháin ón liosta a réitigh CNCM chun smaointe a chothú, triail a bhaint as smaointe agus na smaointe sin a fhorbairt ina bhloc amharc-ealaíne, agus saothar ealaíne a chur i gcrích trí cheann de na trí snáithe. | Deireadh mhí Aibreáin | Cruinniú athbhreithnithe amháin |
| | | | | | |
| An Tríú Bliain | Measúnú Rangbhunaithe 2 Déan machnamh agus Cuir in iúl | Cur i Láthair Machnamhach | Féadfaidh an scoláire cás amháin a roghnú ón liosta a réitigh CSS agus CNCM chun smaointe a chothú, triail a bhaint as smaointe agus obair ullmhúcháin eile a dhéanamh ina bhloc amharc-ealaíne. Cuireann an scoláire iad seo i láthair don dá shaothar ealaíne a chuirtear i gcrích leis an dá shnáithe eile atá fágtha de na trí shnáithe go príomha. Déantar measúnú ar an gcur i láthair smaointe agus ar an obair ullmhúcháin seo. | Idir lár mhí na Nollag agus lár mhí Eanáir don chur i láthair. | Cruinniú athbhreithnithe amháin |

| | | |
|---|---|---|
| | Déantúsáin le meas ag CSS | Leanfaidh an scoláire ag forbairt a smaointe agus cuirfidh sé dhá phíosa oibre i gcrích do mheasúnú CSS. Bunaítear na píosaí oibre sin go príomha ar an dá shnáithe nár roghnaíodh don Mheasúnú Rangbhunaithe sa dara bliain. Cuirtear an obair a chuirtear i críoch agus an obair forbartha lena mbaineann isteach lena mheasúnú ag CSS faoi thús mhí na Bealtaine. |


Dírítear an dá Mheasúnú Rangbhunaithe ar chásanna. Is féidir na cásanna sin a oiriúnú le feiliúint do shaothar reatha nó leanúnach nó do thaithí foghlama sa rang ealaíne nó féadfar iad a úsáid mar phointe tosaigh do shaothar nua. Dearfar na cásanna ar bhealach oscailte agus inrochtana ionas go mbeidh siad solúbtha agus gur féidir iad a ailíniú le comhthéacs curaclaim na scoile mar aon le riachtanais fhoghlama an scoláire. Tá sé tábhachtach go bpléann an múinteoir agus an scoláire na cásanna agus go mbeidh plé idir na scoláirí féin freisin. Is féidir an cur chuige le freagra a thógáil le cás(anna) roghnaithe a phleanáil trí chomhoibriú idir an múinteoir agus an scoláire nó idir scoláire agus scoláire. Ceadaítear obair ghrúpa nó obair aonair i Measúnú Rangbhunaithe 1, "Ó Phróiseas go Cur i gcrích".

Faoin am a dtéann an scoláire i ngleic leis an gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe beidh eolas agus tuiscint aige agus beidh scileanna forbartha aige sna próisis a bhaineann le trí shnáithe na h*Amharc-ealaíne*. De réir mar a théann an scoláire i ngleic le foghlaim san ealaín, sa cheardaíocht agus sa dearadh forbróidh sé a mheon pearsanta féin i leith réimse agus dhoimhneacht na h*Amharc-ealaíne* agus forbróidh sé ómós aitheantais maidir lena stíl áirithe féin.

Trína thaithí ar an bhfoghlaim in *Amharc-ealaín*, forbróidh an scoláire scileanna a chuideoidh leis tabhairt faoi fhadhbanna ar bhealaí cruthaitheacha. Tá sainaithint fadhbanna mar chuid den phróiseas cruthaitheach a cheadaíonn don scoláire creat a chur ar a fhiosrúchán. Ar an mbealach sin, faigheann sé taithí ar phróisis amharc-ealaíne agus oibríonn sé ar leibhéal níos pearsanta. Tá sé tábhachtach go mbíonn úinéireacht ag an scoláire agus go nglacann sé páirt i gcinneadh a dhéanamh ar an bpointe tosaigh dá shaothar féin. Cé go bhféadfadh na fadhbanna a dhéanann sé iarracht a réiteach a bheith bunaithe ar thaithí phearsanta, beidh an scoláire in ann, ina chur chuige, freagairt le heolas, le tuiscint agus le scileanna atá forbartha aige i rith na sraithe sóisearaí chun an saothar a chur i gcrích ina iomláine.

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích

Fíor 4 Léaráid de 'Ó Phróiseas go Cur i gcrích'




Measúnú Rangbhunaithe 1: Ó Phróiseas go Cur i gcrích

1. Is féidir leis an scoláire tabhairt faoi go haonarach nó i ngrúpa
2. Roghnaíonn an scoláire cás amháin ón liosta
3. Is gá don scoláire saothar ealaíne a chur i gcrích go príomha trí cheann de shnáithe na hamharc-ealaíne ach féadfaidh sé chomh maith gnéithe den dá shnáithe eile a ionchorprú
4. Úsáideann an scoláire a bhloc amharc-ealaíne chun taighde a dhéanamh ar smaointe tosaigh agus chun a obair a fhorbairt fad is a chuimsítear na cúig ghné d'*Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí
5. Cuireann an scoláire a shaothar i gcrích

As féin, nó i ngrúpa, is gá don scoláire saothar ealaíne a chur i gcrích go príomha trí cheann de shnáithe na h*Amharc-ealaíne* ach féadfaidh sé chomh maith gnéithe den dá shnáithe eile a chuimsiú. Is féidir leis an múinteoir nó leis an scoláire an obair sin a threorú nó is féidir í a bhunú ar chomhoibriú idir an múinteoir agus an scoláire nó idir scoláire agus scoláire.

## Cásanna samplacha

Bunóidh gach scoláire, nó grúpa scoláirí, a chur chuige ar chásanna a d'fhéadfadh a bheith cosúil leo sin a liostaítear anseo:

- oibriú i dtionscadal ealaíne pobail
  - d'fhéadfadh an scoláire comhoibriú i dtionscadal ealaíne pobail áitiúil nó tionscadal bunaidh a fhorbairt i gcomhar lena Oifig Ealaíon áitiúil
- dearadh chun do shaol a fheabhsú
  - féachann an scoláire ar ghné dá thimpeallacht, de tháirge nó d'fhoirgneamh ar mhaithe lena hathdhearadh
- ceardaíocht a úsáid chun an timpeallacht thógtha/nádúrtha a bhreisiú
  - féachann an scoláire ar obair cheardaíochta traidisiúnta nó chomhaimseartha agus ar an gcaoi ar féidir í a fhorbairt agus a úsáid chun spás i dtimpeallacht thógtha nó nádúrtha timpeall air a bhreisiú
- oibriú le healaíontóir/ceardaí/dearthóir/hailtire
  - cruthaíonn an scoláire, i gcomhar le healaíontóir/ceardaí/dearthóir/hailtire, freagra le spreagthach
- Oibriú ó bhunfhoinse
  - roghnaíonn an scoláire bunfhoinse nó bunfhoinsí chun a shaothar a bhunú air/orthu
- Oibriú ó litríocht
  - roghnaíonn an scoláire píosa litríochta a mhothaíonn sé a spreagann é agus a bhféadfadh sé leis a shaothar a bhunú air

## Treoirlínte don chás a roghnaíodh

Féadfaidh an scoláire cás a roghnú as féin nó mar chuid de ghrúpa beag. Nuair a roghnaíonn scoláirí i ngrúpa cás, ba chóir dóibh a róil agus a dtascanna ar leith a aontú ionas go mbíonn gach ball den ghrúpa feasach ón tús ar an méid a chuirfidh siad go haonar leis an obair. Ba chóir nóta a dhéanamh d'athrú ar bith ar na róil nó ar na tascanna seo de réir mar a théann an obair ar aghaidh. Ansin, ba chóir don scoláire:

- a smaointe tosaigh agus a chur chuige le freagra a thógáil lena chás roghnaithe a thaifeadadh
- taighde a dhéanamh ar réitigh nó ar chuir chuige roimhe seo nó cosúla a bhí ag ealaíontóirí, ag ceardaithe, ag dearthóirí nó ag ailtirí eile. D'fhéadfadh sé seo a bheith 2T, 3T nó digiteach
- bunfhoinsí a úsáid chun smaointe agus cinntí a thaifeadadh, trí bhreathnú, ina bhloc amharc-ealaíne féin. Má táthar ag obair mar chuid de ghrúpa, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann gach scoláire go haonar leis an obair Tá sé tábhachtach go ndéanann gach scoláire páirteach sa ghrúpa nóta beacht i gcónaí dá pháirt féin sa phróiseas agus den mhéid a chuireann sé leis an obair ghrúpa. Ba chóir á fhreagraí pearsanta féin (trí fhíseanna agus nótaí cuí) leis an obair mar aon leis na cinntí a rinneadh agus a aontaíodh i rith an phróisis a áireamh
- cinneadh a dhéanamh faoin gcur chuige lena eolas agus lena scileanna i snáithe amháin nó níos mó d'*Amharc-ealaín*. Ba chóir go dtacódh an cur chuige le húsáid spreagthaí bunfhoinse
- na smaointe a fhorbairt sa bhloc amharc-ealaíne leis an eolas agus leis na scileanna ó shnáithe amháin nó ó mheascán de shnáitheanna. Táthar ag súil go gcuimseofar na cúig ghné ar fad de shonraíocht na h*Amharc-ealaíne*. Léireoidh an obair forbartha sin an úsáid a bhain an scoláire as teanga chriticiúil agus amhairc. Ba chóir go léireodh sí chomh maith a thuiscint ar ghnéithe ealaíne agus ar phrionsabail deartha ina shaothar féin. Ba chóir go léireodh an scoláire gur láithrigh sé an saothar seo i gcomhthéacs cultúr amhairc mar aon lena chinntí maidir lena roghanna trialach le teicneolaíocht thraidisiúnta nó chomhaimseartha, nó na meáin nua
- gabhfaidh nó taifeadfaidh an scoláire an obair ar fad i mbloc amharc-ealaíne
- cur i gcrích a cháis roghnaithe a thaispeáint trína shaothar deiridh. D'fhéadfadh sé seo a bheith 2T, 3T nó digiteach


Áireofar san obair a cuireann an scoláire isteach taifead ar an nithe seo ina bhloc amharc-ealaíne:

- taighde
- smaointe tosaigh
- an próiseas forbartha

mar aon leis an obair a cuireadh i gcrích, ar chóir go n-aithneofaí comhthéacsanna cultúrtha agus stairiúla cuí inti, mar a chonaic an scoláire.

# Measúnú Rangbhunaithe 2: Déan machnamh agus Cuir in iúl

Fíor 5 Léaráid de 'Déan machnamh agus Cuir in iúl'




Measúnú Rangbhunaithe 2: Déan machnamh agus Cuir in iúl

1. Téann an scoláire i ngleic leis as féin
2. Roghnaíonn an scoláire cás amháin ón liosta
3. Ní mór don scoláire dhá shaothar ealaíne a chur i gcrích tríd an dá shnáithe eile nár roghnaíodh go príomha don chéad Mheasúnú Rangbhunaithe a chríochnaigh sé sa dara bliain. Féadfaidh an scoláire gnéithe de na snáithe eile a chuimsiú de réir mar is cuí.
4. Úsáideann an scoláire a bhloc amharc-ealaíne chun taighde a dhéanamh ar smaointe tosaigh agus chun a obair a fhorbairt fad is a chuimsítear na cúig ghné d'*Amharc-ealaín* na sraithe sóisearaí
5. Úsáidfidh an scoláire ábhar óna bhloc amharc-ealaíne chun a bharúlacha tosaigh, a smaointe agus a dtrialacha agus an chaoi a gcuirfidh siad cruth ar a obair don Mheasúnú Rangbhunaithe a roinnt, trí chur i láthair nó trí phlé.
6. Forbróidh an scoláire a smaointe a thuilleadh agus cuirfidh sé a shaothar i gcrích do mheasúnú CSS

Don dara Measúnú Rangbhunaithe, "Déan machnamh agus Cuir in iúl", déanfaidh an scoláire taighde agus cruthóidh sé dhá shaothar ealaíne mar fhreagra ar chás amháin nó níos mó a thabharfar. Ba chóir go mbeadh dhá shaothar ealaíne an scoláire bunaithe ar an dá shnáithe eile nár roghnaíodh go príomha don chéad Mheasúnú Rangbhunaithe a chríochnaigh sé sa dara bliain. Féadfaidh an scoláire, áfach, gnéithe de na snáithe eile a chuimsiú de réir mar is cuí.

Críochnóidh an scoláire é seo leis féin agus tacóidh sé lena smaointe agus lena shaothar a chuirtear i gcrích trí bhloc amharc-ealaíne a úsáid.

## Cásanna samplacha

Déanfaidh an scoláire taighde agus cruthaíonn sé dhá shaothar ealaíne ag baint úsáid as cás amháin don dá fhreagra nó as cás éagsúil do gach aon fhreagra. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí de na cásanna sin:

- Saincheist chomhaimseartha
  - bunaíonn an scoláire a shaothar ar shaincheist atá sa nuacht faoi láthair cosúil le mír nuachta domhanda nó áitiúla
- Dearadh táirge
  - iniúchfaidh an scoláire táirge agus trína thaighde déanann sé athdhearadh air
- Obair cheardaíochta fheidhmiúil nó mhaisiúil
  - déanann an scoláire athbhreithniú ar obair cheardaíochta fheidhmiúil agus mhaisiúil, a d'fhéadfadh a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha chun a fhreagraí féin a dhearadh agus a chruthú
- Is é mo chás féin ____________, atá bunaithe ar ________________ .
  - féadfaidh an scoláire breac-chuntas a thabhairt ar a threo pearsanta féin a cheapann sé a rachaidh a shaothar agus cás a leagan amach dó féin

## Treoirlínte don chás a roghnaíodh

Déanfaidh an scoláire, as féin, an cás a roghnaigh sé a mheas ionas go mbíonn sé féin agus a mhúinteoir feasach ar an bpointe tosaigh sainithe don tasc amach roimhe. Is féidir leis an múinteoir

nó leis an scoláire an obair tascleagain seo a threorú nó is féidir í a dhéanamh trí chomhoibriú idir an múinteoir agus an scoláire nó idir scoláire agus scoláire. Déanfaidh an scoláire na nithe seo a leanas:

- taighde agus forbairt ar a smaointe agus dhá shaothar ealaíne a chur i gcrích, an dá cheann léirithe tríd an dá shnáithe eile nár roghnaíodh go príomha don chéad Mheasúnú Rangbhunaithe a chríochnaigh sé sa dara bliain. Féadfaidh an scoláire, áfach, gnéithe de na snáithe eile a chuimsiú de réir mar is cuí.
- caithfidh an scoláire na saothair forbartha agus na saothair deiridh a chuirtear i gcrích a chríochnú as féin
- ba chóir snáithe nó meascán de shnáitheanna atá difriúil ón snáithe a roghnaíodh sa chéad Mheasúnú Rangbhunaithe a léiriú i ngach ceann den dá phíosa saothar a chuirtear i gcrích. Táthar ag súil go gcuimseofar na cúig ghné ar fad de shonraíocht na h*Amharc-ealaíne* ar fud shaothar an scoláire.

Taifeadfaidh an scoláire an obair ar fad i mbloc amharc-ealaíne.

Déanfar measúnú ar an obair a bhaineann leis an dara Measúnú Rangbhunaithe ag dhá chéim shoiléire agus ar leith sa tríú bliain den tsraith shóisearach. I rith na tréimhse sin, taifeadfaidh an scoláire ina bhloc amharc-ealaíne gach smaoineamh agus gníomhaíocht taighde ábhartha mar aon le cuntais ar úsáidí trialach meán agus smaointe ullmhúcháin, luatha eile ach ní an obair forbartha ná an dá phíosa a chuirtear i gcrích. I rith na chéad chéime agus i gcomhar lena mhúinteoir agus lena phiaraí, úsáidfidh an scoláire ábhar óna bhloc amharc-ealaíne chun a bharúlacha tosaigh, a smaointe agus a thrialacha agus an chaoi a gcuirfidh siad cruth ar na chéad chéimeanna eile a roinnt, trí chur i láthair nó trí phlé. Tá sé tábhachtach go n-aithnítear comhthéacsanna cultúrtha agus stairiúla a fheileann don fhreagra a roghnaíodh sa saothar seo. Tá aiseolas ón múinteoir agus ó scoláirí eile inghlactha ag an gcéim seo. Déanann múinteoir measúnú ar an gcéim seo.

Nuair a dhéantar measúnú ar an gcur i láthair agus nuair a reáchtáiltear an cruinniú AMFÁ, beidh an chéad chéim den dara Measúnú Rangbhunaithe críochnaithe. Bogann an scoláire ar aghaidh ansin go dtí an dara céim den Mheasúnú Rangbhunaithe agus tosóidh sé ag obair ar smaointe níos forbartha agus ag oibriú lena dhá phíosa saothair a chuirtear i gcrích chomh maith.

## Déantúsáin le meas ag CSS

Nuair a chríochnaítear an dara céim den dara Measúnú Rangbhunaithe seo, cuirfidh an scoláire isteach a dhá shaothar a cuireadh i gcrích mar aon le hábhar roghnaithe óna bhloc amharc-ealaíne. Marcálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an obair seo.

## Na Gnéithe Cáilíochta

Tacaíonn na Gnéithe Cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun obair an scoláire a mheas. Beidh na Gnéithe Cáilíochta ar fáil sna Treoirlínte Measúnuithe don *Amharc-ealaín*. Cuirfidh gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe i gcrích.

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheas

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú ar an tuairisciú in *Amharc-ealaín* na Sraithe Sóisearaí, ina leagtar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh obair an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid i measúnú leanúnach ranga ar *Amharc-ealaín* na Sraithe Sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Cleachtais Mheasúnaithe Chuimsitheacha

Tá lamháil sa tsonraíocht seo le haghaidh cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín 1: Bloc *Amharc-ealaíne*

D’fhéadfadh gur bailiúchán fisiciúil agus/nó digiteach a bheadh sa bhloc amharc-ealaíne de smaointe, de phróisis agus d’obair, nó meascán díobh. Cé gurb é taifead pearsanta an scoláire atá ann go bunúsach ar an turas cruthaitheach, cinnfidh an scoláire i gcomhar lena mhúinteoir formáid (dhigiteach nó fhisiciúil) an bhloic amharc-ealaíne.

Úsáidfidh an scoláire a bhloc amharc-ealaíne chun

- a chuir chuige i leith na hoibre ar fad a dhéanfaidh sé mar chuid dá chúrsa in *Amharc-ealaín* na Sraithe Sóisearaí a thaifeadadh
- a smaointe, a chruthaitheach, a thrialacha agus a fhiosruithe agus fiú obair atá curtha i gcrích a nótáil
- an fhaisnéis ábhartha a bhaileoidh sé a choinneáil le chéile le cuidiú leis an obair atá á déanamh aige a chomhthéacsú, cibé an ndéantar sin trí thaighde ar shaothar ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí nó trí ghrianghraif, trí sceitsí agus trí nótaí
- cuntas a choinneáil ar a thuras trí shaothar ealaíne leanúnach sa seomra ranga, saothair ealaíne críochnaithe mar aon leis na Measúnuithe Rangbhunaithe
- bheith mar bhailiúchán pearsanta agus gairmiúil dá bharúlacha, dá smaointe, dá thaighde agus dá obair
- ómós úinéireachta a fhorbairt ar a fhoghlaim féin.

Ba chóir go mbeadh cur síos gairid ar an gclúdach istigh (nó ag tús na coda ábhartha) ar a bhfuil sa chuid sin den bhloc amharc-ealaíne. Tá sé tábhachtach go gcuireann an scoláire dáta air seo le dáta tosaithe na hoibre, ach go n-áiríonn sé chomh maith spriocdháta lena críochnú.

Ba chóir go dtuigfeadh an scoláire gurb í an líníocht an teanga bhunúsach atá lárnach ina chuid oibre ar fad agus é ag foghlaim sna trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. Tá sé ríthábhachtach i gcomhair fiosrúcháin, cur in iúl agus chun faisnéis amhairc a chur in iúl. Ba chóir go mbeadh líníocht ó bhreathnú, lena n-áirítear bunfhoinsí agus líníocht ón mbeo agus ón tsamhlaíocht i mbloc amharc-ealaíne an scoláire. Ba chóir smaointe a forbraíodh trí mhodhanna 2T, 3T nó digiteacha a

ghabháil agus a thaifeadadh ann chomh maith. Forbróidh an scoláire a scileanna líníochta thar thrí bliana na sraithe sóisearaí agus beidh a bhloc amharc-ealaíne úsáideach chun an fhorbairt sin a thaifeadadh i rith an ama seo.

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i mbloc amharc-ealaíne (ní liosta uileghabhálach é seo):

**Smaointe an scoláire lena n-áirítear**

- forbairt smaoinimh a rianú
- samplaí de shaothar le healaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí móra le rá
- grianghraif, sceitsí
- líníochtaí ó bhreathnú, ón tsamhlaíocht, ó bhunfhoinsí agus ón mbeo
- bailiúcháin dhigiteacha íomhánna
- anótáil agus nótaí scríofa eile

**Trialacha an scoláire lena n-áirítear**

- ábhair éagsúla, meáin agus meáin mheasctha, samplaí anótáilte, nótaí maidir le cáilíocht na dtorthaí, grianghraif, sceitsí agus nótaí ina dtaifeadtar modhanna, uirlisí agus teicneolaíocht (idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha) nó meáin nua a úsáideadh
- mínithe ar scileanna a bhfuil eolas orthu agus ar scileanna nua a baineadh amach agus obair thrialach a léiríonn iad
- staidéar datha, obair líne, staidéar toin, trialacha le cruth, suíomh, leithdháileadh, spás, doimhneacht
- mionsamhlacha oibríocha, iarrachtaí trialacha ar dhearaí agus ar chumadóireacht agus nótaí faoi na próisis
- taifid ghrianghrafadóireachta agus dhigiteacha ina ndéantar cur síos ar an bpróiseas

**Taighde agus taithí phearsanta agus saoil lena n-áirítear**

- ealaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí agus cultúir a úsáideadh i gcomhair inspioráide, cleachtais oibre ealaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí ag a raibh tionchar, samplaí de stíleanna ealaíne/ceardaíochta/dearaidh
- anailís ar shaothair ealaíne/ceardaíochta/dearaidh a chruthaigh ealaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí
- nótaí agus anótáil ar bhreithnithe faoi shamplaí ealaíne/ceardaíochta/dearaidh faoi iamh
- nótaí, sceitsí, líníochtaí, grianghraif, catalóga ó thaispeántais ar freastalaíodh orthu nó ó chainteanna nó cur i láthair le healaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí
- cuairteanna chuig stiúideo(nna) ealaíontóra/ceardaí/dearthóra nó chuig gailearaithe agus músaeim
- agallaimh le healaíontóirí/ceardaithe/dearthóirí nó le daoine ábhartha nó spéisiúla eile
- ailt agus gearrthóga nuachtáin/irise, gabháil scáileáin agus bailiúcháin de shuíomhanna gréasáin ábhartha

**Achoimre próisis agus foghlama lena n-áirítear:**

- grianghraif nó taifid leictreonacha den obair a cuireadh i gcrích
- féinmheasúnú an scoláire ar a phróiseas agus ar an táirge críochnaithe
- nótaí tráchta ón múinteoir
- anótáil nó nótaí maidir le treonna féideartha amach anseo i saothar eile

# Aguisín 2: Gluais téarmaí don *Amharc-ealaín*

Cuireadh an ghluais seo leis chun brí théarmaí na h*Amharc-ealaíne* a mhíniú mar a fheictear iad sa tsonraíocht seo le cuidiú leat í a thuiscint.

| **Téarma** | **Léirmhíniú** |
|---|---|
| Ealaín | scil chruthaitheach a chur in iúl i bhfoirm amhairc cosúil le péinteáil nó dealbhóireacht a leagann béim ar smaointe, ar mhothúcháin agus ar cháilíochtaí amhairc trí scil shamhlaíoch agus/nó theicniúil. Cuimsíonn sí chomh maith critic agus staidéar na healaíne |
| Ceardaíocht | cur i bhfeidhm réimse scileanna eolais agus ealaíne ar leith chun déantúsáin a bhfuil fiúntas aeistéitiúil agus/nó feidhme leo a tháirgeadh agus béim ar úsáid shábháilte agus cheart uirlisí agus ábhar. D’fhéadfadh na déantúsáin an cheardaíocht thraidisiúnta nó cur chuige níos aonaraí a léiriú |
| Dearadh | cruthú díreach réada nó táirgeadh chun a chuma agus a oibríochtaí a thaispeáint sula ndéantar é agus béim ar phleanáil, ar réiteach fadhbanna agus ar chur i gcrích |
| Bloc Amharc-ealaíne | bailiúchán fisiciúil agus/nó digiteach de smaointe, de phróisis agus d’obair, nó meascán díobh. |
| Fiosruithe | gabháil nó taifeadadh na bpróiseas gníomhach a bhaineann le fiosrú, le triail, le cruthú agus le cur i gcrích saothair |
| *Amharc-ealaín* | lena n-áirítear na disciplíní agus trí shnáithe na healaíne, na ceardaíochta agus an dearaidh. Is féidir iad sin a leathnú a thuilleadh chun disciplíní áirithe a áireamh a d’fhéadfaí a úsáid thar dhá shnáithe nó níos mó, cosúil le líníocht, péinteáil, grianghrafadóireacht, potaireacht, dealbhóireacht, priontáil, ailtireacht, scannán, fís, dearadh táirge agus faisin (níl an liosta seo uileghabhálach) |
| Gnéithe ealaíne | is iad seo na bloic thógála d’aon saothar ealaíne agus áirítear leo, mar shampla, an ponc, dath, líne, cruth, ton, uigeacht agus patrún |

| **Téarma** | **Léirmhíniú** |
|---|---|
| Prionsabail deartha | is iad seo na bloic thógála d'aon saothar ealaíne agus áirítear leo, mar shampla, cothromaíocht, teannas, harmóin, solas, spás, scála agus codarsnacht |
| Litearthacht amhairc | is é seo cumas an scoláire a eolas, a scileanna agus a luachanna a úsáid chun réimse spreagthaí amhairc a thuiscint |
| Líníocht | tig le líníocht a bheith mothúchánach nó anailíseach ach is í an teanga bhunúsach í atá lárnach i ngach gníomhaíocht a dhéanann an scoláire sna trí shnáithe, ealaín, ceardaíocht agus dearadh. |
| Cultúr amhairc | baineann sé seo le cultúr amhairc stairiúil agus/nó comhaimseartha a thugann a chomhthéacs do dhéantúsán |
| Teicneolaíocht | mar a úsáideann an scoláire, féadfaidh sí a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha nó digiteach nuair a úsáidtear í chun saothair amharc-ealaíne a chruthú |
| Na meáin nua | bíonn siad digiteach mórán i gcónaí agus trína gcumas a bheith idirghníomhach, féadfar ceangailtí agus cumarsáid le lucht féachana níos leithne a chruthú |
| Próiseas | cuimsíonn sé na smaointe tosaigh, an triail agus an obair forbartha a dhéanann scoláire fad is atá saothar ealaíne a chuirtear i gcrích á chruthú aige |
| Cás | tugann sé breac-chuntas leathan is féidir leis an scoláire a úsáid agus a oiriúnú le haghaidh inspreagadh nuair atá cinneadh agus pleanáil á dhéanamh faoin treo a rachaidh a chuid oibre |
| Teanga amhairc | úsáideann an scoláire í seo chun saothar ealaíne a phlé, a thuiscint agus a mheasúnú, a cheadaíonn dó íomhánna a fhiosrú ar bhealach níos smaointí |
| Ealaíontóir | chun críche na sonraíochta glactar leis gurb ionann an téarma "ealaíontóir" agus ealaíontóir/ceardaí/dearthóir |
| Saothar ealaíne | Saothar a tháirgeann ealaíontóir/ceardaí/dearthóir |

| Téarma | Léirmhíniú |
|---|---|
| Sainaithint faidhbe | sainaithníonn an scoláire, cibé an bhfuil sé ag obair ar chás nó ar thasc, an tsaincheist/na saincheisteanna ar mian leis leanúint di/díobh ina shaothar |
| Réiteach fadhbanna | An cur chuige a úsáideann an scoláire, cibé an bhfuil sé ag obair ar chás nó ar thasc, chun a smaointe tosaigh a fhorbairt agus chun saothar a chur i gcrích |
| Teanga chriticiúil | úsáidtear teanga anseo lenar féidir leis an scoláire critíc agus measúnú a dhéanamh ar a shaothar féin nó ar shaothar duine eile |
| Bunfhoinse | Foinsí fisiciúla nó coincheapúla atá i mbunfhoinsí, a mbreathnaítear orthu ina staid bhunaidh agus nach scagtar trí léirmhíniú duine eile orthu |

# Aguisín 3: Gluais de Bhriathra Gnímh

Cuireadh an ghluais seo i dtoll a chéile chun na torthaí foghlama a shoiléiriú. Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba chóir a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a chur ar aon dul leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Aimsigh | téarma ginearálta ar féidir leis ríomh, tomhais, faigh amach, srl. a chur in iúl |
| Aithin | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Anótáil | cuir nótaí gairide nó sceitsí mínithe le léaráid nó le graf |
| Argóin | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun críche meon duine a athrú nó a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| Bain de thátal as | teacht ar chonclúid bunaithe ar an eolas a thugtar |
| Bain tátal as | torthaí iniúchta a úsáid bunaithe ar bhuntuiscint; tuig níos mó ná mar a cuireadh in iúl go litriúil |
| Ceangail | rud a shamhlú le rud eile, cúiseanna a thabhairt |
| Ceap | Na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach |
| Cosain | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Cruthaigh | sraith céimeanna loighciúla a úsáid chun an toradh inmhianta a bhaint amach ar bhealach foirmiúil |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Cuir i gcodarsnacht | comhfhreagrachtaí idir dhá smaoineamh nó dhá shaothar ealaíne a bhrath |
| Cuir i ngrúpa | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| Cuir le chéile | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh |
| Cuir síos | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid líníochtaí, sceitsí nó léaráidí; plean, ionsamhlú nó samhail a tháirgeadh |
| Cur síos/ míniú gairid | ráiteas gearr ar na príomhphointí amháin |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| Déan critíc ar | gnéithe dearfacha agus diúltacha de, mar shampla, smaoineamh, dhéantúsán nó phróiseas ealaíonta a lua, ag tabhairt cúiseanna |
| Deimhnigh | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |
| Díorthaigh | teacht ar ráiteas deiridh trí phróiseas smaointeoireachta loighciúla |
| Faigh amach | an t-aon fhreagra féideartha a fháil trí ríomh, trí luachanna tomhaiste nó atá ar eolas a chur in ionad cainníochtaí eile i bhfoirmle chaighdeánach |
| Idirdhealaigh | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Iniúch | anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| Léirigh | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| Léirmhínigh | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| Liostaigh | tabhair roinnt pointí, gan aon mhíniú breise |
| Luaigh | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| Meas | ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt |
| Meas (cuimhnigh ar...) | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i ndéantúsáin; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú |
| Measúnaigh (faisnéis) | faisnéis a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta faisnéise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí; ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Rangaigh | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| Réitigh | freagra a aimsiú trí réasúnaíocht |
| Ríomh | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| Sainaithin | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| Sainmhínigh | tabhair míniú beacht ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap |
| Samhaltaigh | léiriú nó macasamhail scála de shaothar ealaíne a chothú mar phlean i gcomhair cruthú ceart |
| Sceitseáil | cur in iúl trí léaráid nó trí ghraf (arna lipéadú mar is cuí); ba chóir go dtabharfadh an sceitse barúil den chruth nó den chaidreamh a theastaíonn, agus ba chóir go mbeadh na gnéithe ábhartha ann |
| Scrúdaigh | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus idirchaidrimh na saincheiste |
| Sintéisigh | smaointe difriúla a thabhairt le chéile chun tuiscint nua a chruthú |
| Tabhair breac-chuntas | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| Tabhair breithmheas | píosa saothair a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| Tabhair chun cuimhne | cuimhneamh ar rud nó é a aithint ó thaithí foghlama roimhe seo |
| Tabhair fianaise | sonraí, obair agus cáipéisíocht a thacaíonn le tátal nó le conclúid a thabhairt |
| Tabhair le fios | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |

| **Briathra gnímh** | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire** |
|---|---|
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Tiontaigh | rud a athrú go foirm eile, mar shampla, líníocht a úsáid chun struchtúr trí-thoiseach a chruthú |
| Tomhais | athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh |
| Trácht | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| Tuar | toradh ionchasach imeachta a thabhairt; imeacht nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| Tuig | corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| Úsáid | eolas, scileanna nó rialacha a chur i bhfeidhm chun iad a chur i ngníomh |

NCCA